

# MRB1: Punann Chumadóireachta Ullmhúchán

…Treoirlínte do na Measúnaithe Rangbhunaithe, Ich.10-11

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na snáithe staidéir: Eolas Gnásúil, Nuáil agus Samhlaigh agus Cultúr agus Comhthéacs, chun an phunann seo a chur i dtoll a chéile.

I bhformhór na gcásanna, tiocfaidh saothar i bpunann an scoláire as trá agus tuile an chleachtais sa seomra ranga. Is iad forbairt scileanna an scoláire mar chruthaitheoir smaoineamh nó smaointe ceoil, agus na smaointe sin a chur in iúl, príomhchuspóir an phróisis. Le bailiúchán shaothair chumadóireachta an scoláire cuirtear rannpháirtíocht an scoláire chun cinn nuair a dhéanann an scoláire an méid seo a leanas:

- spreagthach don saothar cruthaitheach a shainaithint agus a roghnú
- an leagan amach (na leaganacha amach) ina gcruthófar an píosa ceoil a roghnú
- a smaointe a fhorbairt trí plé le gnéithe eile den chúrsa ceoil
- comhoibriú trí phlé agus fiosrú na smaointe agus móitífeanna

Tá sé tábhachtach go mbeadh na roghanna ceoil a mheas an scoláire lárnach sa phróiseas cruthaitheach. D’fhéadfaí a áireamh sna cinntí sin:

- Cén lucht éisteachta a bheidh ag an saothar seo?
- Cén cineál nodaireachta/siombailí ceoil is oiriúnaí?
- Cé na huirlisí nó guthanna is fearr don saothar cumadóireachta seo?
- Cén stíl nó seánra is fearr a thagann leis an saothar seo?
- An ndíreoidh an saothar cumadóireachta ar ghnéithe séise, armónacha nó rithimeacha?
- Cén cur chuige struchtúrtha is oiriúnaí?
- Cén cineál éifeachtaí próiseála, nó éifeachtaí gutha, a d’fhéadfaí a chur leis an saothar cumadóireachta?

Is liosta táscach é seo de na ceisteanna ba chóir don scoláire agus don mhúinteoir a mheas agus iad ag tabhairt faoin bpróiseas cruthaitheach. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.